CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FOILSIÚ FAISNÉISE MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ GAIRME OIFIGEACH SINSEARACH TAR ÉIS DÓIBH AN TSEIRBHÍS A FHÁGÁIL

An Tríú agus an ceathrú míreanna d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne

Tuarascáil Bhliantúil 2019

1. An creat rialála

Faoi Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, leanfar den cheangaltas a bheith ar oifigigh tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil, iad féin a iompar le hionracas agus le discréid maidir le glacadh le ceapacháin nó sochair áirithe. Ní mór d'aon iaroifigigh a bhfuil sé ar intinn acu gabháil do ghníomhaíocht ghairme laistigh de dhá bhliain ón tseirbhís a fhágáil a n-iar-institiúid a chur ar an eolas faoi sin ionas gur féidir léi a chinneadh cé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh sí an ghníomhaíocht sin a chosc nuair is gá nó cead a dheonú (faoi réir srianta, i gcás inarb iomchuí).

Leagtar síos sa tríú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne go gcuirfidh an tÚdarás Ceapacháin, i bprionsabal, cosc ar iaroifigigh shinsearacha, le linn an 12 mhí tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil, gabháil do bhrústocaireacht nó do thathant maidir le foireann a n-iar-institiúide le haghaidh a ngnó, a gcliant nó a bhfostóirí ar ábhair a raibh siad freagrach astu le linn na dtrí bliana deiridh a d'oibrigh siad sa tseirbhís.

Ceanglaítear leis an gceathrú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne ar gach institiúid, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2018/1725[1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, faisnéis a fhoilsiú go bliantúil maidir le cur chun feidhme an tríú mír, lena n-áirítear liosta de na cásanna a measúnaíodh.

Anseo thíos, míníonn Cúirt Iniúchóirí na hEorpa na critéir a roghnaigh sí chun cur chun feidhme na hoibleagáide sin a áirithiú agus cuireann sí an anailís uaithi i láthair. Sa teachtaireacht seo, tugtar achoimre ón gCúirt maidir leis na cinntí lena mbaineann.

Bunaíonn an Chúirt a nochtadh ar an gceathrú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, in éineacht le Rialachán (AE) 2018/1725.

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nadúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.

2. Na critéir a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh chur chun feidhme Airteagal 16(3) de na Rialacháin Foirne

An sainmhíniú ar oifigigh shinsearacha

Ar aon dul leis an tríú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, is iad a leanas na catagóirí ball foirne lena mbaineann:

- An tArd-Rúnaí
- Stiúrthóirí
- Comhairleoirí Speisialta
- Cinn ar Oifigí Príobháideacha Ball Foirne[2]

An tréimhse lena mbaineann

Tagraítear sa tríú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne do ghníomhaíocht sheachtrach a chomhlíonann iaroifigigh shinsearacha "le linn an 12 mhí tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil".

Dá bhrí sin, is í sin an tréimhse a áirítear chun críocha an nochta a éilítear sa cheathrú mír d'Airteagal 16.

Na gníomhaíochtaí gairme lena mbaineann

Na gníomhaíochtaí a gcuirtear síos orthu sa tríú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, is iad sin na gníomhaíochtaí arb ionann iad agus brústocaireacht nó tathant maidir le foireann institiúid na n-iaroifigeach sinsearach le haghaidh a ngnó, a gcliant nó a bhfostóirí ar ábhair a raibh siad freagrach astu le linn na dtrí bliana deiridh a d'oibrigh siad sa tseirbhís. I bprionsabal, cuirfidh an tÚdarás Ceapacháin cosc ar ghníomhaíochtaí den sórt sin le linn an 12 mhí tar éis don duine an tseirbhís a fhágáil.

Ní dhéanann an Chúirt í féin a theorannú chun anailís a dhéanamh ar cheapacháin lena mbaineann brústocaireacht nó tathant amháin mar a bpríomhghníomhaíocht. I gcomhthéacs an tríú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, déanann an Chúirt breithniú freisin ar ghníomhaíochtaí nach raibh brústocaireacht nó tathant i gceist leo tráth a cuireadh an dearbhú isteach ach a bhféadfadh, go teoiriciúil, brústocaireacht nó tathant a bheith i gceist leo amach anseo.

Ní chumhdaítear leis an bhfaisnéis a chuirtear i láthair thíos dearbhuithe a fuarthas maidir le gníomhaíochtaí nach mbaineann brústocaireacht nó tathant leo mar gheall ar chineál na ngníomhaíochtaí atá i gceist.
Foilsíonn an Chúirt faisnéis ar a láithreán gréasáin (Trédhearcacht - an leathanach gréasáin eitice) maidir le cur i bhfeidhm an tríú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, lena n-áirítear liosta de na gníomhaíochtaí gairme ar mheasúnaigh an tÚdarás Ceapacháin iad agus ainmneacha na n-iaroifigeach sinsearach lena mbaineann.

Foilsítear tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme an tríú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne maidir leis na gníomhaíochtaí gairme a formheasadh le linn na bliana céanna.

---

[2] Leathnaíodh an sainmhíniú ar oifigigh shinsearacha an 1 Meán Fómhair 2017 chun go n-áireofaí leis na Cinn ar Oifigí Príobháideacha. Ní raibh siad san áireamh roimh an dáta sin.

An nós imeachta cinnteoireachta i ndáil leis an tríú mír d'Airteagal 16
Caitear ar an gcaoi chéanna le dearbhuithe maidir le gníomhaíochtaí gairme ag oifigigh shinsearacha tar éis dóibh an Chúirt a fhágáil agus mar a chaitear le haon dearbhú maidir le gníomhaíocht ghairme sheachtrach ag aon iarbhall foirne.

Is í an Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna, Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta a fhaigheann an dearbhú. Má tá féidearthacht ann go bhfuil nasc díreach nó indíreach idir an ghníomhaíocht agus dualgais iaroifigigh shinsearaigh le linn a dtrí bliana deireanacha ag an gCúirt, nó idir an ghníomhaíocht sin agus an obair a rinne sé/sí ina (h)iarseirbhís nó i seirbhís na Cúirte, iarrtar tuairim iarsheirbhís(í) an iaroifigigh agus tuairim na Seirbhíse Dlí. Rachfar i gcomhairle leis an gComhchoiste nuair is gá freisin. Glacann an tÚdarás Ceapacháin a chinneadh deiridh ar bhonn na dtuairimí éagsúla sin.

An líon gníomhaíochtaí lena mbaineann
Ag cur san áireamh go bhféadfar gach fógra (agus dá bhrí sin, gach cinneadh) tagairt d'ilghníomhaíochtaí, tá an fhaisnéis thíos á miondealú ag an ngníomhaíocht atá á scrúdú, chun go soláthrófar forléargas uileghabhálach.

3. Cásanna sonracha

Baineann an teachtaireacht seo le gníomhaíochtaí a dhearbhaigh iaroifigigh agus a rinne siad ina dhiaidh sin.

In 2019, d'fhág triúr iaroifigeach sinsearach an CIE, agus dhearbhaigh duine amháin go raibh sé ar intinn aige gabháil do ghníomhaíochtaí gairme. Ós rud é gur fhág an t-oifigeach seo an Chúirt in 2019, tíolacadh a iarrata ar údarú go cuí laistigh de 12 mhí ó fhágáil na seirbhíse.

Liostaítear sna míreanna seo a leanas mionsonraí na dtrí iaroifigeach shinsearacha agus an ghníomhaíocht a dhearbhaigh duine acu.

Deireadh seirbhíse: 30 Meitheamh 2019

Iaroifigeach
Mark ROGERSON
Iar-Urlabhraí CIE – Comhairleoir Sinsearach na Meán (grád AD14)
Gníomhaíocht nua
Comhairleoireacht caidrimh phoiblí ag Gascon Entreprises, atá dírithe go sonrach ar réimse na cumarsáide poiblí.
Cinneadh
Ós rud é nach raibh brústocaireacht nó tathant maidir le foireann na Cúirte i gceist leis an ngníomhaíocht ghairme a dearbhaíodh, ní fhaca an tÚdarás Ceapacháin aon chúis lena bhfeidhmíocht a chosc nó a theorannú faoi Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne.

Deireadh seirbhíse: 30 Meitheamh 2019

Iaroifigeach
Patrick WELDON
Iarcheann na hOifige Príobháidí do Bhall na Rómáine (grád AD13)
Gníomhaíocht nua
N/B
Cinneadh
N/B

Deireadh seirbhíse: 30 Meán Fómhair 2019
Iaroifigeach
Gailė DAGILIENĖ

Iarstiúrthóir Aistriúcháin (grád AD15)
Gníomhaíocht nua
N/B
Cinneadh
N/B